European Securities and Markets Authority

# Treoirlínte

**Maidir le gnéithe áirithe de cheanglais MiFID II i ndáil le hiomchuibheas agus forghníomhú amháin**

12-04-2022 | ESMA35-43-3006

# Clár Ábhar

I. Raon feidhme ... 3
II. Tagairtí agus sainmhínithe reachtacha ... 4
III. Cuspóir ... 5
IV. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe ... 5
V. Treoirlínte maidir le gnéithe áirithe de cheanglais MiFID II maidir le hiomchuibheas agus forghníomhú amháin ... 6

# I. Raon feidhme

**Cé atá i gceist?**

1. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo seo a leanas:

    a. údaráis inniúla; agus

    b. gnólachtaí.

**Céard atá i gceist?**

2. Tá feidhm ag na treoirlínte seo i ndáil le hAirteagal 25(3) agus (4) de MiFID II agus Airteagail 55 go 57 den Rialachán Tarmligthe. Tá feidhm ag na treoirlínte seo freisin i ndáil le ceanglais eagraíochtúla Airteagal 16(2), (5) go (7) de MiFID II agus Airteagail 21, 72 agus 76 den Rialachán Tarmligthe, chomh maith le hAirteagal 24(1), (4) agus (5) agus Airteagal 25(1), (5) agus (6) de MiFID II, a mhéid a bhaineann siad leis an measúnú iomchuibhis.

**Cén uair?**

3. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo sé mhí tar éis dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.

# II. Tagairtí agus sainmhínithe reachtacha

## Tagairtí reachtacha

| | |
|---|---|
| *Rialachán ESMA* | Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún[1] |
| *MiFID II* | Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE[2] |
| *Rialachán Tarmligthe* | Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais eagraíochtúla agus na coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainmhínithe chun críocha na Treorach sin[3] |

## Sainmhínithe

| | |
|---|---|
| *táirge infheistíochta* | ionstraim airgeadais (de réir bhrí Airteagal 4(1)(15) de MiFID II) nó taisce struchtúraithe (de réir bhrí Airteagal 4(1)(43) de MiFID II). |
| *gnólachtaí* | gnólachtaí infheistíochta (mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(1)(1) de MiFID II) agus institiúidí creidmheasa (mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(1)(27) de MIFID II) nuair a bhíonn seirbhísí gan chomhairliú á soláthar acu, agus bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIManna) (mar a shainmhínítear iad in Airteagal 5(1)(a) de AIFMD[4]) ar bainisteoirí seachtracha iad nuair a bheidh an tseirbhís neamhlárnach dá dtagraítear in Airteagal 6(4)(b)(iii) de AIFMD á soláthar acu). |

[1] IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.
[2] IO L 173, 12.6. 2014, lch. 349.
[3] IO L 87, 31.3.2017, lch. 1.
[4] Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

| | |
|---|---|
| *seirbhísí gan chomhairliú* | (i) seirbhísí infheistíochta (de réir bhrí Airteagal 4(1)(2) de MiFID II) seachas comhairle infheistíochta agus bainistíocht punainne; agus (ii) díol taiscí struchtúraithe. |

# III. Cuspóir

4. Tá na treoirlínte seo bunaithe ar Airteagal 16(1) de Rialachán ESMA. Is é is cuspóir do na treoirlínte seo soiléiriú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gnéithe áirithe de cheanglais MiFID II maidir le hiomchuibheas agus forghníomhú amháin lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go coiteann, go haonfhoirmeach agus go comhsheasmhach Airteagal 25(3) de MiFID II agus Airteagail 55 agus 56 de Rialachán Tarmligthe MiFID II faoi seach, chomh maith le hAirteagal 25(4) de MiFID II agus Airteagal 57 de Rialachán Tarmligthe MiFID II.

5. Leis na treoirlínte seo, tá súil ag ESMA go ndéanfar cóineasú níos fearr a chur chun cinn maidir le cur i bhfeidhm cheanglais MiFID II maidir le hiomchuibheas agus forghníomhú amháin, agus maidir le cuir chuige mhaoirseachta ina leith, trí bhéim a chur ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha, agus ar an gcaoi sin cur le luach na gcaighdeán atá ann cheana. Trí chuidiú lena áirithiú go gcomhlíonfaidh gnólachtaí caighdeáin rialála, tá ESMA ag súil le neartú comhfhreagrach ar chosaint infheisteoirí.

# IV. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

**Stádas na dtreoirlínte**

6. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte seo a chomhlíonadh.

7. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo ina leith iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlí agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú trína maoirseacht go gcomhlíonfaidh gnólachtaí na treoirlínte.

**Ceanglais tuairiscithe**

8. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo fógra a thabhairt do ESMA maidir le cé acu (i) atá na treoirlínte a gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ach é beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh acu agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh.

9. I gcás neamhchomhlíonadh, ní mór do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do ESMA freisin laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte a chomhlíonadh.

10. Tá teimpléad le haghaidh fógra ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA. Nuair a bheidh an teimpléad líonta isteach, déanfar é a tharchur chuig ESMA.

11. Ní cheanglaítear ar ghnólachtaí a thuairisciú an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu.

# V. Treoirlínte maidir le gnéithe áirithe de cheanglais MiFID II maidir le hiomchuibheas agus forghníomhú amháin

**FAISNÉIS DO CHLIAINT FAOI CHUSPÓIR AN MHEASÚNAITHE IOMCHUIBHIS AGUS FAOI FHORGHNÍOMHÚ AMHÁIN**

**(Airteagal 24(1), (4) agus (5) agus Airteagal 25(3) agus (4) de MiFID II)**

*Treoirlíne 1*

12. **Ba cheart do ghnólachtaí, in am trátha roimh sheirbhísí gan chomhairliú a sholáthar, a gcuid cliant a chur ar an eolas, trí úsáid a bhaint as friotal soiléir simplí, faoin measúnú iomchuibhis agus faoina chuspóir, is é sin a chur ar a chumas don ghnólacht gníomhú ar mhaithe le leas an chliaint.**

13. Measann ESMA gur cheart an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis sin:

- Míniú soiléir go bhfuil sé de fhreagracht ar an ngnólacht an measúnú a dhéanamh, ionas go dtuigfidh na cliaint an fáth a bhfuil an gnólacht ag iarraidh orthu faisnéis áirithe a sholáthar agus go dtuigfidh siad an tábhacht a bhaineann le faisnéis a sholáthar atá cothrom le dáta, cruinn agus iomlán;

- Meabhrúchán gurb é leas an chliaint é freagraí cruinne, iomlána a sholáthar ar na ceisteanna a chuirfidh an gnólacht chun críche an mheasúnaithe iomchuibhis;

- Faisnéis maidir leis na cásanna nach ndéanfar aon mheasúnú iontu (i.e., i gcás nach soláthróidh an cliant an fhaisnéis arna hiarraidh nó nach leor an fhaisnéis sin chun an measúnú iomchuibhis a dhéanamh nó i gcás ina soláthrófar seirbhísí faoin díolúine maidir le forghníomhú amháin[5]) agus maidir leis na hiarmhairtí a ghabhann leis sin. Níor cheart, áfach, a thabhairt le fios san fhaisnéis sin go bhféadfadh an cliant staonadh ón bhfaisnéis a chur isteach mar rogha réamhshocraithe[6];

[5] Seirbhísí infheistíochta nach bhfuil iontu ach orduithe cliaint a fhorghníomhú nó a ghlacadh agus a tharchur ar orduithe iad a bhaineann le táirgí infheistíochta a shainítear faoi MiFID II mar chinn "neamhchasta".

[6] Féach freisin mír 28.

- Míniú gearr ar na príomhdhifríochtaí idir seirbhísí infheistíochta le comhairliú agus seirbhísí infheistíochta gan chomhairliú, agus na ceanglais is infheidhme á gcur san áireamh, chun aon mhearbhall idir an dá rud sin a sheachaint.

14. I gcás caidreamh leanúnach leis an gcliant, níor cheart do ghnólachtaí an fhaisnéis thuasluaite a sholáthar sula soláthrófar gach seirbhís gan chomhairliú. I gcás den sórt sin, d'fhéadfaí an fhaisnéis sin a sholáthar roimh sholáthar na chéad seirbhíse gan chomhairliú agus, maidir leis an bhfaisnéis faoin gcéad dá phointe urchair de mhír 13, aon uair a iarrfar ar an gcliant an fhaisnéis maidir lena leibhéal eolais agus taithí a thabhairt cothrom le dáta.

15. Is faoi na gnólachtaí atá sé a chinneadh conas a chuirfidh siad a gcliaint ar an eolas faoin measúnú iomchuibhis. Ba cheart, áfach, don fhormáid a úsáidtear chun cliaint a chur ar an eolas a fhágáil go mbeidh ar chumas gnólachtaí taifid a choinneáil den fhaisnéis arna soláthar[7].

16. Níor cheart do ghnólachtaí a rá, ná a thabhairt le tuiscint, gurb é nó í an cliant a chinneann iomchuibheas na seirbhíse nó an táirge infheistíochta, nó a shuífidh cé acu seirbhís nó táirge a oireann don eolas agus an taithí atá aige nó aici féin. Go ginearálta, níor cheart do ghnólachtaí aon ráitis mhíthreoracha a dhéanamh le cliaint i ndáil leis an oibleagáid atá ar ghnólachtaí an measúnú iomchuibhis a dhéanamh.

17. Ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an fhaisnéis uile a thugtar do chliaint na forálacha ábhartha (lena n-áirítear na hoibleagáidí maidir le faisnéis a sholáthar i meán marthanach), ba cheart do ghnólachtaí a mheas go cúramach freisin an bhfuil a nochtuithe i scríbhinn deartha sa chaoi is gur cinn éifeachtacha iad (e.g. cuirtear na nochtuithe ar fáil ar bhonn díreach do chliaint agus ní bhíonn siad faoi cheilt ná dothuigthe). I gcás gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí ar líne, go háirithe, féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis sin:

- Béim a leagan ar an bhfaisnéis ábhartha (e.g. trí úsáid a bhaint as gnéithe den dearadh amhail boscaí aníos);

- Smaoineamh ar cheart téacs idirghníomhach a bheith ag gabháil le roinnt faisnéise (e.g. trí úsáid a bhaint as gnéithe deartha amhail leideanna uirlisí) nó trí mhodhanna eile chun sonraí breise a sholáthar do chliaint atá ag lorg tuilleadh faisnéise (e.g. trí rannán Ceisteanna Coitianta).

---

[7] Agus Treoirlíne 11 á cur san áireamh.

**BÍODH AITHNE AGAT AR DO CHLIANT AGUS BÍODH CUR AMACH AGAT AR DO THÁIRGE**

**Na socruithe is gá chun cliaint a thuiscint**

**(Airteagal 16(2) agus Airteagal 25(3) de MiFID II agus Airteagal 55 den Rialachán Tarmligthe)**

*Treoirlíne 2*

18. **Ba cheart é a bheith ina aidhm le beartais agus nósanna imeachta gnólachtaí a chur ar a gcumas do ghnólachtaí an fhaisnéis uile is gá a bhailiú chun an measúnú iomchuibhis a dhéanamh i ndáil leis na cineálacha sonracha táirgí arna dtairiscint nó arna n-éileamh[8].**

19. Déanfaidh gnólachtaí beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun (lena n-áirítear uirlisí iomchuí) chun iarraidh ar an gcliant nó ar an gcliant ionchasach faisnéis a sholáthar maidir le heolas agus taithí an duine sin sa réimse infheistíochta atá ábhartha don chineál sonrach seirbhíse nó táirge infheistíochta arna thairiscint nó arna éileamh agus lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, na heilimintí a liostaítear in Airteagal 55(1) den Rialachán Tarmligthe.

20. Chuige sin, ba cheart a áirithiú le beartais agus nósanna imeachta gnólachtaí nach staonfar ó fhaisnéis a iarraidh agus nach ndéanfar cliaint nó cliaint ionchasacha a dhíspreagadh ar aon bhealach ó fhaisnéis a sholáthar maidir lena gcuid eolais agus taithí.

21. Is ag gnólachtaí atá sé na modhanna a chinneadh le haghaidh iarraidh ar an gcliant faisnéis a sholáthar faoina chuid eolais agus taithí. D'fhéadfaidís úsáid a bhaint as ceistneoirí (i bhformáid dhigiteach freisin) arna líonadh isteach ag a gcliaint nó as faisnéis arna bailiú le linn an phlé leo chun an measúnú iomchuibhis a dhéanamh. I gcásanna den sórt sin, ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go mbeidh na ceisteanna a chuirfidh siad ar a gcliaint sonrach go leor agus gur dócha go dtuigfear i gceart iad agus, i gcás aon mhodh eile a úsáidfear chun faisnéis a bhailiú, amhail úsáid a bhaint as sonraí idirbhirt maidir le cineálacha áirithe táirgí ó chliant atá leo cheana chun measúnú a dhéanamh ar a thaithí, go mbeidh an modh sin ceaptha chun an fhaisnéis riachtanach a fháil faoi leibhéal eolais agus taithí an chliaint. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin nuair a bhíonn gnólachtaí ag bailiú na faisnéise trí bhealach ar líne gan aon idirghníomhaíocht ó dhaoine.

22. Agus na ceistneoirí á ndearadh acu chun faisnéis a bhailiú faoina gcliaint chun críche measúnú iomchuibhis a dhéanamh, ba cheart do ghnólachtaí a bheith ar an eolas faoi

---

[8] Agus Treoirlíne 3 á cur san áireamh.

na cúiseanna is coitianta a d'fhéadfadh infheisteoirí gan ceistneoirí a fhreagairt i gceart agus na cúiseanna sin a bhreithniú. Go háirithe:

- Ba cheart aird a thabhairt ar shoiléireacht, ar uileghabhálacht agus ar shothuigtheacht an cheistneora, agus friotal a sheachaint atá míthreorach, a chothódh mearbhall, atá neamhbheacht nó atá rótheicniúil (e.g., giorrúcháin);
- Ba cheart do ghnólachtaí breithniú cúramach a dhéanamh ar leagan amach agus formáid na gceistneoirí agus ba cheart dóibh a sheachaint nach rachaidís i bhfeidhm ar roghanna infheisteoirí (e.g., cló, spásáil línte...);
- Ba cheart bailiú faisnéise faoi shraith míreanna trí aon cheist amháin a sheachaint;
- Ba cheart do ghnólachtaí breithniú cúramach a dhéanamh ar an ord ina gcuirfidh siad ceisteanna chun faisnéis a bhailiú ar bhealach éifeachtach;
- Chun a chosc go dtabharfaidh cliant buille faoi thuairim, agus faisnéis neamhiontaofa a sholáthar ar an gcaoi sin, ba cheart don chliant a bheith in ann a thabhairt mar fhreagra nach bhfuil a fhios aige nó aici conas an cheist a fhreagairt.

23. Ba cheart nósanna imeachta agus sásraí a bheith i bhfeidhm ag gnólachtaí chun teorainn a chur leis an riosca go rachfaí timpeall ar na ceanglais, agus é á chinntiú gur léiriú leordhóthanach í an fhaisnéis arna bailiú ar leibhéal eolais agus taithí an chliaint. Mar shampla, d'fhéadfadh gnólachtaí: smaoineamh ar theorainn a chur leis an líon uaireanta is féidir le cliaint an ceistneoir nó na ceistneoirí a fhreagairt laistigh de thréimhse áirithe ama, leas a bhaint as tacair éagsúla ceistneoirí i gcás ina n-iarrfaidh cliant an ceistneoir a líonadh isteach arís agus/nó leas a bhaint as tréimhse mharana. I gcás ina bhforchuirfear bearta den sórt sin, d'fhéadfaí fós cead a thabhairt do chliant dul ar aghaidh leis an idirbheart, ar choinníoll go n-eiseofar rabhadh i gcás idirbhirt nach bhfuil eolas ná taithí leordhóthanach ag an gcliant i ndáil leo[9]. D'fhéadfadh gnólachtaí rialuithe eile a chur chun feidhme freisin lena áirithiú nach féidir le cliant an ceistneoir a athlíonadh isteach cúpla uair chun "tástáil" féachaint cé na cineálacha freagraí is gá chun an toradh atá de dhíth a bhaint amach.

24. Ós rud é gurb é an gnólacht atá freagrach as an gcuspóir an fhaisnéis ábhartha a bhailiú ó chliaint, ba cheart do ghnólachtaí gach beart réasúnach a dhéanamh chun measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar an tuiscint atá ag a gcliaint ar na príomhthréithe agus ar na rioscaí a bhaineann leis na cineálacha sonracha táirgí infheistíochta a thairgeann an gnólacht nó ar a laghad iadsan a bhaineann leis na cineálacha táirgí a bhfuil spéis ag an gcliant iontu. Áirítear leis sin tuiscint ar an ngaol idir riosca agus toradh ar infheistíochtaí, mar shampla trí leas a bhaint as ceistneoirí ina bhfuil ceisteanna ilroghnacha ara dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar an eolas atá ag an gcliant i ndáiríre faoi na cineálacha sonracha táirgí infheistíochta.

[9] Féach treoirlíne 9.

25. Agus measúnú á dhéanamh ar eolas an chliaint, ba cheart do ghnólachtaí sásraí a chur i bhfeidhm lena áirithiú nach bhfuiltear ag iarraidh ar chliaint féinmheasúnú a chur i gcrích. I dtaobh measúnú ceart a dhéanamh ar eolas an chliaint, tá tábhacht ar leith ag baint le dul i ngleic leis an riosca go bhféadfadh cliaint[10] rómheastachán a dhéanamh ar a gcuid eolais agus le comhsheasmhacht na bhfreagraí arna soláthar ag an gcliant a áirithiú. Ba cheart do ghnólachtaí, go háirithe, a sheachaint nach mbainfidís úsáid as ceisteanna a bhfuil "tá" nó "níl" mar fhreagraí orthu ná as cur chuige féinmheasúnaithe ina gcuirtear tic sa bhosca agus iad á iarraidh ar an gcliant an bhfuil eolas leordhóthanach aige nó aici faoi na príomhthréithe agus na príomhrioscaí a bhaineann le cineálacha sonracha táirgí infheistíochta (mar shampla, ba cheart do ghnólachtaí gan liosta táirgí infheistíochta a chur faoi bhráid an chliaint agus a iarraidh air nó uirthi a chur in iúl cé na táirgí a thuigeann sé nó sí). Ba cheart féinmheasúnú a fhrithchothromú le critéir oibiachtúla. Mar shampla:

- Seachas a fhiafraí an dtuigeann cliant coincheapa an chomhbhabhtála idir riosca agus toradh a bhaineann le cineálacha sonracha táirgí infheistíochta, ba cheart don ghnólacht, mar shampla, ceisteanna a chur ar na cliaint faoi roinnt samplaí praiticiúla de chásanna a d'fhéadfadh tarlú sa chleachtas, mar shampla trí bhíthin graf nó trí chásanna dearfacha agus diúltacha atá bunaithe ar thoimhdí réasúnta;

- Seachas a fhiafraí de chliant an bhfuil dóthain eolais aige nó aici faoi na príomhthréithe agus na príomhrioscaí a bhaineann le cineálacha sonracha táirgí infheistíochta, ba cheart don ghnólacht, mar shampla, ceisteanna a chur atá dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar an eolas atá ag an gcliant i ndáiríre ar na cineálacha sonracha táirgí infheistíochta, mar shampla trí cheisteanna ilroghnacha a chur ar an gcliant ar cheart don chliant an freagra ceart orthu a sholáthar;

26. Agus measúnú á dhéanamh ar thaithí cliaint, ba cheart do ghnólacht a sheachaint freisin nach n-úsáidfidh sé ceisteanna atá ró-leathan a bhfuil tá/níl mar fhreagra orthu ná cur chuige an-leathan lena gcuirtear tic sa bhosca. Seachas a fhiafraí de chliant an mbraitheann sé nó sí go bhfuil taithí leordhóthanach aige nó aici chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí áirithe, ba cheart don ghnólacht, mar shampla, a fhiafraí den chliant cé na cineálacha sonracha táirgí infheistíochta a bhfuil an cliant eolach orthu agus cén uair is déanaí a raibh taithí thrádála aige nó aici ina leith agus cé chomh minic a bhíonn an taithí sin aige nó aici.

27. I gcás seirbhísí ar líne, ba cheart do ghnólachtaí a gceistneoirí a dhearadh agus aird acu ar thosca amhail:

- An bhfuil na ceisteanna sách soiléir agus/nó an bhfuil an ceistneoir ceaptha chun soiléiriú breise nó samplaí a sholáthar do chliaint nuair is gá (e.g. trí leas a bhaint as gnéithe deartha, amhail leideanna uirlisí nó boscaí aníos);

[10] Féach treoirlíne 4.

- An bhfuil roinnt idirghníomhaíochta/tacaíochta ó dhaoine (lena n-áirítear cian-idirghníomhú ar an ríomhphost nó ar fhóin phóca) ar fáil do chliaint agus freagra á thabhairt acu ar an gceistneoir ar líne;

- An ndearnadh bearta chun aghaidh a thabhairt ar fhreagraí a bhfuil neamhréir eatarthu ó chliaint (amhail gnéithe dearaidh a chur san áireamh sa cheistneoir chun cliaint a chur ar an airdeall nuair a bhíonn an chuma ar a gcuid freagraí go bhfuil neamhréir eatarthu agus chun moladh dóibh athmhachnamh a dhéanamh ar na freagraí sin; nó córais a chur chun feidhme chun aird a dhíriú go huathoibríoch ar fhaisnéis arna soláthar ag cliaint a bhfuil an chuma uirthi gur faisnéis neamhréireach í ionas go bhféadfaí an gnólacht athbhreithniú a dhéanamh uirthi nó beart leantach a dhéanamh ina leith).

28. Ba cheart do ghnólachtaí gan rabhadh a sholáthar don chliant nach bhfuil siad in ann a chinneadh an bhfuil an tseirbhís nó an táirge infheistíochta a bheartaítear iomchuí dóibh gan faisnéis a iarraidh ar an gcliant roimh ré faoin eolas agus taithí atá aige nó aici. Ina theannta sin, ba cheart do ghnólachtaí gan béim a leagan air go bhféadfadh an cliant leanúint ar aghaidh gan measúnú den sórt sin. Sna cásanna sin, níor cheart rabhadh den sórt sin a eisiúint ach amháin más rud é nach féidir toradh an mheasúnaithe iomchuibhis a chinneadh toisc nár fhreagair an cliant na ceisteanna go léir nó cuid díobh.[11]

29. I gcás ina ndéanfaidh gnólachtaí freagraí a réamhlíonadh isteach ar bhonn cúlra idirbheart an chliaint leis an ngnólacht sin (e.g. trí sheirbhís infheistíochta eile), ba cheart dóibh a áirithiú nach n-úsáidfear ach faisnéis atá lánoibiachtúil, lánábhartha agus lániontaofa agus go dtabharfar an deis don chliant athbhreithniú a dhéanamh ar gach ceann de na freagraí a réamhlíonadh isteach agus, más gá, iad a cheartú agus/nó a thabhairt chun críche chun cruinneas aon fhaisnéise arna réamhlíonadh isteach a áirithiú. Ba cheart do ghnólachtaí gan taithí na gcliant a thuar bunaithe ar thoimhdí.

30. Chun críche an mheasúnaithe iomchuibhis, níor cheart do ghnólachtaí a chur san áireamh ach an fhaisnéis faoi eolas agus taithí an chliaint. Agus measúnú iomchuibhis á dhéanamh, ba cheart do ghnólachtaí a sheachaint nach dtabharfaidís le tuiscint do chliaint go gcuirfear faisnéis arna bailiú san áireamh agus an measúnú iomchuibhis á dhéanamh ar faisnéis í seachas an fhaisnéis sin a bhaineann le heolas agus taithí cliaint, go háirithe faisnéis maidir le staid airgeadais agus cuspóirí infheistíochta an chliaint a fhéadfar a bhailiú chun críocha eile (e.g., i gcomhthéacs rialachas táirgí nó i gcomhthéacs seirbhísí le comhairliú don chliant céanna).

[11] Agus treoirlíne 9 á cur san áireamh.

**Méid na faisnéise atá le bailiú ó chliaint (comhréireacht)**

**(Airteagal 25(3) de MiFID II agus Airteagal 55 den Rialachán Tarmligthe**)

*Treoirlíne 3*

31. **Agus méid na faisnéise a bheidh le hiarraidh faoi eolas agus taithí an chliaint nó an chliaint ionchasaigh á chinneadh, ba cheart do ghnólachtaí a chur san áireamh cineál agus saintréithe na dtáirgí nó na seirbhísí infheistíochta atá le breithniú (i.e., leibhéal castachta agus riosca na dtáirgí nó na seirbhísí infheistíochta) agus cineál an chliaint.**

32. I gcomhréir le hAirteagal 25(3) de MiFID II, sula soláthróidh siad seirbhísí gan chomhairliú a gceanglaítear measúnú iomchuibhis a dhéanamh ina leith, iarrfaidh gnólachtaí ar an gcliant nó ar an gcliant ionchasach faisnéis a sholáthar maidir lena gcuid eolais agus taithí i réimse na hinfheistíochta atá ábhartha don chineál sonrach seirbhíse nó táirge infheistíochta arna thairiscint nó arna éileamh ionas go gcuirfear ar a chumas don ghnólacht a mheasúnú an bhfuil an tseirbhís nó an táirge infheistíochta a bheartaítear iomchuí don chliant.

33. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go n-iarrfaidh siad faisnéis lena gcuirtear san áireamh cineál agus saintréithe na dtáirgí nó na seirbhísí infheistíochta a bhreithnítear (i.e., leibhéal castachta agus riosca na dtáirgí nó na seirbhísí infheistíochta) agus cineál an chliaint.

34. Go háirithe, chun a áirithiú go mbeidh siad in ann measúnú iomchuibhis a dhéanamh ar an gcaighdeán céanna beag beann ar an táirge infheistíochta atá á mheas nó ar an tseirbhís infheistíochta atá á meas, agus rochtain á soláthar acu ar tháirgí infheistíochta atá níos casta nó a bhfuil riosca níos mó ag baint leo, ba cheart do ghnólachtaí a mheas go cúramach an gá dóibh faisnéis níos doimhne a iarraidh faoi eolas agus taithí an chliaint ná mar a d’iarrfaidís i gcás táirgí infheistíochta nach raibh chomh casta nó a raibh riosca níos lú ag baint leo. Leis sin, ba cheart a chur ar a gcumas do ghnólachtaí, ar bhonn na bhfreagraí arna soláthar, measúnú a dhéanamh ar chumas an chliaint na rioscaí a bhaineann le hionstraimí den sórt sin a thuiscint. I gcás táirgí infheistíochta den sórt sin a bhfuil leibhéal ard castachta nó riosca ag baint leo (mar shampla, díorthaigh nó táirgí giaráilte), ba cheart do ghnólachtaí measúnú iontaofa a dhéanamh, ar bhonn na bhfreagraí arna soláthar, ar eolas agus taithí an chliaint, lena n-áirítear, mar shampla, an tuiscint atá aige nó aici ar na sásraí a fhágann go bhfuil an táirge infheistíochta “níos casta” nó “go mbaineann riosca níos mó leis”, cé acu an raibh nó nach raibh an cliant ag trádáil i dtáirgí den sórt sin roimhe sin, an t-achar ama a bhí sé nó sí ag trádáil i dtáirgí den sórt sin, etc.

35. Ag brath ar leibhéal castachta na dtáirgí infheistíochta atá i gceist, ba cheart don ghnólacht measúnú níos sonraí a dhéanamh ar eolas agus taithí an chliaint ná measúnú nach mbeadh bunaithe ach ar ag gcineál táirge atá i gceist (e.g., fofhiach in ionad bannaí i gcoitinne).

36. I gcás ina mbeartaíonn an gnólacht seirbhís gan chomhairliú a sholáthar a bhfuil gnéithe sonracha ag baint léi, ba cheart don ghnólacht freisin, sula soláthrófar an tseirbhís sin, measúnú iomchuibhis a dhéanamh a bhaineann leis na gnéithe sonracha sin. Bheadh sé sin ábhartha, mar shampla, i gcás ina mbeartaítear beart seirbhísí nó táirgí, a ndéanfaidh an gnólacht a mheas ina leith, mar a cheanglaítear de réir Airteagal 25(3) de MiFID II, an bhfuil an pacáiste foriomlán cuachta iomchuí. Mar shampla, más rud é go mbeartaíonn gnólacht seirbhísí forghníomhaithe a sholáthar mar aon leis an tseirbhís choimhdeach i ndáil le hiasachtaí a dheonú lena gcuirfear ar a chumas don chliant an t-idirbheart a dhéanamh, ní hiad na rioscaí céanna a bhainfidh leis an mbeart seirbhísí sin agus le gach ceann de na comhpháirteanna arna meas astu féin. Chun na difríochtaí sin a chur san áireamh agus an measúnú iomchuibhis á dhéanamh, ní hamháin gur cheart baint a bheith aige leis na táirgí infheistíochta a bheartaítear, ach ba cheart baint a bheith aige freisin leis an tseirbhís choimhdeach i ndáil le hiasachtaí a dheonú agus leis na rioscaí a eascraíonn as an teaglaim den dá rud. Sampla eile is ea gnólacht a chuireann ar a gcumas do chliant suíomh gearr a oscailt trí tháirge infheistíochta a dhíol. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don ghnólacht a mheasúnú go sonrach an bhfuil an t-eolas agus an taithí is gá ag an gcliant chun na rioscaí a bhaineann le suímh ghearr a thuiscint.

37. Meabhraítear gurb amhlaidh, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 56(1) de Rialachán Tarmligthe MiFID II, go mbeidh gnólacht i dteideal glacadh leis go bhfuil an taithí agus an t-eolas is gá ag cliant gairmiúil chun na rioscaí atá i gceist a thuiscint i ndáil leis na seirbhísí nó na hidirbhearta infheistíochta áirithe sin, nó leis na cineálacha idirbhirt nó táirge infheistíochta, a bhfuil an cliant aicmithe mar chliant gairmiúil ina leith.

**Iontaofacht na faisnéise ó chliaint**

**(Airteagal 25(3) de MiFID II agus Airteagal 55(3) den Rialachán Tarmligthe**)

*Treoirlíne 4*

38. **Ba cheart do ghnólachtaí bearta réasúnacha a dhéanamh agus ba cheart uirlisí iomchuí a bheith acu lena áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a soláthróidh a gcliaint iontaofa agus comhsheasmhach, gan brath go míchuí ar fhéinmheasúnú a dhéanfaidh cliaint.**

39. Mura bhfuil an fhaisnéis a bhailítear sách iontaofa ná sách comhsheasmhach, b'ionann sin agus gan faisnéis leordhóthanach a bheith faighte chun an measúnú iomchuibhis a dhéanamh agus eiseoidh gnólachtaí rabhadh don chliant i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 25(3) de MiFID II.

40. Ba cheart do ghnólachtaí bearta réasúnacha a dhéanamh chun iontaofacht, cruinneas agus comhsheasmhacht faisnéise arna bailiú faoi chliaint a sheiceáil agus gan díreach a bheith ag brath ar an bhfíoras go mbítear ag súil go soláthróidh cliaint faisnéis atá ceart, cothrom le dáta, agus iomlán mar is gá chun an measúnú iomchuibhis a dhéanamh. D'fhéadfaí a áireamh leis na bearta sin, mar shampla, iarraidh ar an gcliant soiléiriú breise a thabhairt i gcás ina léireoidh an fhaisnéis a bailíodh faoin eolas agus an

taithí atá aige nó aici go bhfuil níos mó eolais aige nó aici faoi bhannaí casta ná mar atá faoi bhannaí simplí loma.

41. Ba cheart é a bheith ina aidhm le beartais agus nósanna imeachta gnólachtaí measúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na modhanna a úsáidtear chun faisnéis a bhailiú faoin eolas agus an taithí atá ag cliaint nó ag cliaint ionchasacha. I gcás ina mbraithfidh gnólachtaí ar uirlisí atá le húsáid ag cliaint mar chuid den phróiseas iomchuibhis (amhail ceistneoirí ar líne nó bogearraí lena ndéantar measúnú ar cibé an bhfuil táirge infheistíochta iomchuí nó ar cheart rabhadh a eisiúint, i.e. “bogearraí próifílithe”), ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil córais agus rialuithe iomchuí acu lena áirithiú go mbeidh na huirlisí oiriúnach don fheidhm agus go mbeidh torthaí sásúla uathu. Ba cheart do ghnólachtaí rialuithe comhsheasmhachta a áireamh ar na freagraí a sholáthraíonn cliaint i gceistneoirí chun aird a dhíriú ar phíosaí faisnéise éagsúla arna mbailiú atá contrátha dá chéile.

42. Chun comhsheasmhacht na faisnéise ó chliaint a áirithiú, ba cheart do ghnólachtaí féachaint ar an bhfaisnéis a bhailítear ina hiomláine. Ba cheart do ghnólachtaí a bheith ar an airdeall maidir le haon chontrárthacht ábhartha idir píosaí éagsúla faisnéise arna mbailiú chun aon neamhréireacht nó míchruinneas ábhartha a d’fhéadfadh a bheith ann a réiteach. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go ndéanfar measúnú comhsheasmhach ar an bhfaisnéis a bhailítear faoina gcliaint, beag beann ar na modhanna a úsáidtear chun an fhaisnéis sin a bhailiú.

**Brath ar fhaisnéis atá cothrom le dáta faoi chliaint**

**(Airteagal 16(2) agus Airteagal 25(3) de MiFID II agus Airteagal 55(3) de Rialachán Tarmligthe MiFID II**)

*Treoirlíne 5*

43. **Nuair a bhíonn gnólachtaí ag brath ar fhaisnéis a bailíodh roimhe sin faoi eolas agus taithí cliant, ba cheart do ghnólachtaí nósanna imeachta a bhunú lena sainítear an mhinicíocht lena dtabharfar an fhaisnéis sin cothrom le dáta lena áirithiú go mbeidh an fhaisnéis fós cothrom le dáta agus go mbeidh sí cruinn, iomlán chun críche an mheasúnaithe iomchuibhis.**

44. Chun críocha an mheasúnaithe iomchuibhis, d’fhéadfadh gnólachtaí faisnéis a bhailiú faoi eolas agus taithí cliaint gach uair sula ndéanfar táirge infheistíochta a thairiscint nó a éileamh (i gcás idirbhearta aonuaire) nó d’fhéadfaidís brath ar fhaisnéis a bailíodh roimhe sin, ar choinníoll go bhfuil sí cothrom le dáta.

45. Aithníonn ESMA nach ionann cineál na saincheiste maidir le faisnéis a thabhairt cothrom le dáta i gcomhthéacs an mheasúnaithe iomchuibhis agus cineál na saincheiste maidir le faisnéis a thabhairt cothrom le dáta i gcomhthéacs an mheasúnaithe oiriúnachta, toisc gurb iondúil nach mbeidh an fhaisnéis faoi eolas agus taithí cliaint chomh luaineach céanna le heilimintí eile den mheasúnú oiriúnachta, agus go méadaíonn eolas agus taithí go ginearálta le himeacht ama. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh an mhinicíocht i dtaobh faisnéis

faoi chliaint a thabhairt cothrom le dáta a bheith níos ísle faoin gcóras iomchuibhis ná mar atá faoin gcóras oiriúnachta. Ba cheart do ghnólachtaí beartas a fhorbairt chun eolas agus taithí a mheasúnú ar bhonn níos tráthrialta maidir le grúpaí cliant a mheastar a bheith níos leochailí.

46. Ba cheart an measúnú iomchuibhis a dhéanamh ar bhonn faisnéis iontaofa faoi eolas agus taithí an chliaint. Ba cheart do ghnólachtaí nósanna imeachta a chur chun feidhme atá dírithe ar fhaisnéis cothrom le dáta a bheith ar fáil acu faoi eolas agus taithí an chliaint aon tráth a dhéanfar táirge a thairiscint nó a éileamh, mar shampla trí iarraidh ar chliaint a bhfuil caidreamh leanúnach ag an ngnólacht leo aon athrú ar an bhfaisnéis a soláthraíodh ar dtús a chur in iúl don ghnólacht go tráthrialta nó í a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Ba cheart nósanna imeachta leordhóthanacha a bheith ag gnólachtaí freisin chun déileáil le cásanna nach bhfreagraíonn an cliant ar a gcuid ceisteanna maidir le hathruithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh ar dtús nó tabhairt cothrom le dáta na faisnéise sin.

47. D’fhéadfaí faisnéis a thabhairt cothrom le dáta, mar shampla, trí cheistneoir a sheoladh chuig cliaint nó tríd an bhfaisnéis faoin gcliant atá ar fáil don ghnólacht a sholáthar do chliaint agus dheimhniú a iarraidh go bhfuil sí fós cruinn, iomlán agus cothrom le dáta. Más rud é, i gceistneoir den sórt sin, go n-úsáideann gnólachtaí freagraí réamhlíonta atá bunaithe ar chúlra idirbheart an chliaint leis an ngnólacht sin, ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú nach n-úsáidfear ach faisnéis atá lánoibiachtúil, lánábhartha agus lániontaofa chun na freagraí sin a réamhlíonadh agus go mbeidh an deis ag an gcliant athbhreithniú a dhéanamh ar gach ceann de na freagraí réamhlíonta agus, más gá, iad a cheartú agus a thabhairt chun críche. D’fhéadfadh sé go n-áireofaí ar na gníomhaíochtaí ábhartha tar éis faisnéis a thabhairt cothrom le dáta athrú a dhéanamh ar leibhéal eolais agus taithí an chliaint ar bhonn na faisnéise cothrom le dáta arna bailiú.

48. Ionas nach mbeifear ag brath ar fhaisnéis ó chliaint atá neamhiomlán, míchruinn nó as dáta, ba cheart socruithe a bheith i bhfeidhm ag gnólachtaí lena áirithiú go n-iarrfaidh siad ar an gcliant an fhaisnéis faoin eolas agus/nó an taithí atá aige nó aici a thabhairt cothrom le dáta nuair a gheobhaidh siad amach faoi athrú ábhartha a d’fhéadfadh difear a dhéanamh dá leibhéal eolais agus/nó taithí.

49. Ba cheart do ghnólachtaí bearta a ghlacadh chun maolú a dhéanamh ar an riosca go spreagfar an cliant chun a leibhéal eolais nó taithí a thabhairt cothrom le dáta ionas go mbeidh an chuma air go bhfuil táirge infheistíochta áirithe iomchuí ar táirge é a bheadh míchuí dó nó di murach sin, gan athrú iarbhír a bheith ar leibhéal eolais agus taithí an chliaint. Sampla de dhea-chleachtas chun aghaidh a thabhairt ar an gcineál sin riosca is ea nósanna imeachta a ghlacadh lena fhíorú, sula ndéantar idirbhearta nó ina ndiaidh, ar tugadh próifíl an chliaint cothrom le dáta rómhinic nó tar éis gan ach tréimhse ghearr a bheith caite ó athraíodh le déanaí í. Dá bhrí sin, dhéanfaí na cásanna sin a chur ar aghaidh chuig an bhfeidhm rialaithe ábhartha nó a thuairisciú di. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na beartais agus na nósanna imeachta sin i gcásanna ina mbeidh riosca méadaithe ann go dtarlódh coinbhleacht leasa, e.g., i gcásanna féinláithrithe nó i gcás ina bhfaighidh an gnólacht aslach chun táirge infheistíochta a dháileadh. Toisc ábhartha

eile atá le breithniú sa chomhthéacs seo is ea an cineál idirghníomhaíochta a tharlaíonn leis an gcliant (e.g., duine le duine nó trí mheasúnú uathoibrithe).

**Faisnéis faoi chliaint i gcás eintitis dhlíthiúla nó grúpaí**

**(Airteagal 16(2) agus Airteagal 25(3) de MiFID II**)

*Treoirlíne 6*

50. **Ba cheart beartas a bheith ag gnólachtaí lena saineofar ar bhonn ex-ante conas an measúnú iomchuibhis a dhéanamh i gcásanna inar duine dlítheanach é cliant nó inar grúpa de bheirt daoine nádúrtha nó níos mó é nó i gcás ina ndéanfaidh duine nádúrtha eile ionadaíocht ar dhuine nádúrtha amháin nó níos mó. Ba cheart beartas den sórt sin a dhréachtú i gcomhréir le treoirlíne ghinearálta 6 agus leis na treoirlínte tacaíochta a chumhdaítear i dTreoirlínte ESMA maidir le gnéithe áirithe de cheanglais oiriúnachta MiFID II[12].**

51. Tugtar le tuiscint leis sin, i measc nithe eile, gur cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh le beartas den sórt sin idir cásanna ina bhforáiltear d'ionadaí faoin dlí náisiúnta is infheidhme, mar is féidir a bheith amhlaidh i gcás daoine dlítheanacha, mar shampla, agus cásanna nach bhforáiltear d'aon ionadaí iontu, agus ba cheart é a bheith dírithe ar an gcás deireanach sin. I gcás ina gceadaítear faoin mbeartas do chliaint a chomhaontú ionadaí a ainmniú, ba cheart iad a chur ar an eolas go soiléir i scríbhinn faoi na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag comhaontuithe den sórt sin maidir lena leasanna faoi seach a chosaint. Ba cheart na bearta a ghlacfaidh an gnólacht i gcomhréir lena bheartas a dhoiciméadú go hiomchuí chun rialuithe ex-post a chumasú.

52. I gcás ina mbeartaítear ionadaí faoin dlí náisiúnta is infheidhme nó i gcás ina n-ainmnítear ionadaí, ba cheart faisnéis faoi eolas agus taithí a bhailiú ón ionadaí sin agus ba cheart an measúnú iomchuibhis a dhéanamh maidir leis an ionadaí sin.

53. Má bhíonn deacrachtaí ag an ngrúpa de bheirt daoine nádúrtha nó níos mó lena mbaineann ó thaobh cinneadh a dhéanamh i dtaobh an duine nó na ndaoine ar cheart measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis faoin eolas agus an taithí ina leith, ba cheart don ghnólacht an cur chuige is stuama a ghlacadh tríd an bhfaisnéis faoin duine is lú eolais agus taithí a chur san áireamh. I gcásanna den sórt sin, ba cheart do ghnólachtaí a bheith stuama ar a laghad aon uair a bheidh difríocht nach beag idir leibhéal eolais agus taithí na gcliant difriúil sa ghrúpa, nó nuair a d'fhéadfadh sé go n-áirítear san idirbheart a bheartaítear táirgí infheistíochta giaráilte nó idirbhearta dliteanais theagmhasaigh a bhféadfadh an riosca a bheith ann ina leith go dtarlódh caillteanais nach beag a d'fhéadfadh dul thar infheistíocht tosaigh an ghrúpa cliant agus ba cheart do na gnólachtaí an cur chuige a roghnaítear a dhoiciméadú go soiléir.

---

[12] ESMA Guidelines on certain aspects of the MiFID II suitability requirements [Treoirlínte ESMA maidir le gnéithe áirithe de cheanglais oiriúnachta MiFID II] (Tag: ESMA35-43-1163).

54. Nuair a chinnfidh gnólacht faisnéis a iarraidh chun an t-iomchuibheas a mheasúnú i leith gach cliaint aonair sa ghrúpa, ba cheart a shonrú go soiléir i mbeartas an ghnólachta conas a dhéileálfaidh sé leis na cásanna sin ina mbeidh difríochtaí nach beag idir leibhéal eolais agus/nó taithí na gcliant aonair sin. Arís eile, ba cheart don ghnólacht an cur chuige is stuama a ghlacadh trína chur san áireamh an fhaisnéis faoin chliant sa ghrúpa a bhfuil an t-eolas agus an taithí is lú aige nó aici. De rogha air sin, féadfar a shonrú i mbeartas an ghnólachta nach mbeidh sé in ann measúnú a dhéanamh ar an iomchuibheas sa chás sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach dócha go gcomhlíonfaí prionsabal uileghabhálach MiFID II maidir le gníomhú chun leasa na gcliant trí fhaisnéis a bhailiú faoi gach cliant atá sa ghrúpa agus breithniú a dhéanamh, chun críocha an mheasúnaithe, ar mheánphróifíl den leibhéal eolais agus taithí atá acu go léir.

**Na socruithe is gá chun táirgí infheistíochta a thuiscint**

**(Airteagal 16(2) agus Airteagal 25(3) de MiFID II)**

*Treoirlíne 7*

55. **Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go gcuirfear beartais agus nósanna imeachta chun feidhme chun saintréithe, cineál agus gnéithe táirgí infheistíochta a thuiscint ionas go mbeidh siad in ann a mheasúnú an bhfuil na táirgí sin iomchuí dá gcliaint.**

56. Chun na críche sin, ba cheart do ghnólachtaí nósanna imeachta agus uirlisí iontaofa, oibiachtúla a ghlacadh ionas gur féidir leo breithniú a dhéanamh go hiomchuí agus ar bhealach comhréireach ar shaintréithe éagsúla agus tosca riosca ábhartha (amhail riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca leachtachta) na dtáirgí infheistíochta arna dtairiscint nó arna n-éileamh. Ba cheart a áireamh leis sin breithniú a dhéanamh ar anailís an ghnólachta arna déanamh chun críocha oibleagáidí maidir le rialachas táirgí[13]. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do ghnólachtaí measúnú cúramach a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh táirgí infheistíochta áirithe feidhmiú i gcúinsí éagsúla (e.g. bannaí in-chomhshóite a d'fhéadfadh, mar shampla, athrú ina scaireanna).

57. Baineann tábhacht ar leith le breithniú a dhéanamh ar leibhéal "castachta" na dtáirgí, agus ba cheart é sin a mheaitseáil leis an bhfaisnéis ón gcliant maidir le heolas agus taithí. Cé gur téarma coibhneasta í an chastacht, a bhraitheann ar roinnt tosca, ba cheart do ghnólachtaí – i dtaobh measúnú a dhéanamh ar tháirgí mar chinn atá casta nó neamhchasta mar a cheanglaítear chun idirdhealú a dhéanamh idir seirbhísí a gceanglaítear measúnú iomchuibhis ina leith agus iad siúd nach gceanglaítear – a chur san áireamh freisin na critéir agus na prionsabail a sainaithnítear in MiFID II, nuair atá an leibhéal castachta atá le sannadh do tháirgí infheistíochta á shainiú agus á ghrádú go hiomchuí acu chun críocha an mheasúnaithe iomchuibhis.

[13] Go háirithe, cuirtear de cheangal ar ghnólachtaí le MiFID II (faoin dara fomhír d'Airteagal 24(2)) "*teacht ar thuiscint ar na hionstraimí airgeadais a thairgeann siad nó a mholann siad*" chun bheith in ann a n-oibleagáid a chomhlíonadh maidir le comhoiriúnacht a áirithiú idir táirgí a thairgtear nó a mholtar agus spriocmhargadh gaolmhar na gcliant deiridh.

58. Ba cheart do ghnólachtaí nósanna imeachta a ghlacadh lena áirithiú, i gcás na faisnéise a úsáidfear chun aicmiú ceart a dhéanamh ar tháirgí infheistíochta a áirítear sa réimse táirgí a thairgeann siad, go mbeidh an fhaisnéis sin sách iontaofa, cruinn, comhsheasmhach agus cothrom le dáta. Ba cheart a chur san áireamh sna nósanna imeachta sin saintréithe éagsúla agus cineál éagsúil na dtáirgí infheistíochta arna mbreithniú. Ina theannta sin, ba cheart do ghnólachtaí athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a úsáidtear ionas go mbeidh siad in ann aon athruithe ábhartha a léiriú ar cinn iad a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar aicmiú an táirge infheistíochta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin, agus é á chur san áireamh go bhfuil athrú leanúnach ag teacht ar na margaí airgeadais agus go bhfuil a luas ag méadú.

59. Agus táirgí infheistíochta á n-aicmiú chun críche an mheasúnaithe iomchuibhis, ba cheart do ghnólachtaí leibhéal leordhóthanach gráinneachta a úsáid lena áirithiú nach ndéanfar a ghrúpáil le chéile ach táirgí infheistíochta a bhfuil saintréithe agus gnéithe riosca atá inchomparáide go leor acu agus go bhfuil taithí agus eolas an chliaint á measúnú ar bhonn na saintréithe agus na rioscaí sin. Ba cheart do ghnólachtaí breithniú a dhéanamh ar roinnt príomhthosca i gcomhair an aicmithe (amhail, mar shampla, eilimintí roghnaíochta (i gcás díorthach, nó táirgí a bhfuil díorthaigh leabaithe iontu); giaráil airgeadais; incháilitheacht i dtaobh tarrtháil inmheánach a dhéanamh; clásail fho-ordúcháin; inbhraiteacht na bunionstraime (e.g. innéacsanna a bheith á n-úsáid nach bhfuil cur amach orthu nó atá doiléir); ráthaíochtaí maidir le haisíoc príomhshuime nó clásail maidir le cosaint caipitil; leachtacht an táirge (i.e. cumas trádála ar ionaid trádála, raon tairisceana agus atairisceana, srianta díola, táillí scoir); agus an t-airgeadra ina bhfuil an táirge infheistíochta ainmnithe).

**CLIAINT A MHEAITSEÁIL LEIS NA TÁIRGÍ IOMCHUÍ**

**Na socruithe is gá chun measúnú iomchuibhis comhsheasmhach a áirithiú**

**(Airteagal 16(2) agus Airteagal 25(3) de MiFID II agus Airteagal 21 agus Airteagal 56(1) den Rialachán Tarmligthe)**

*Treoirlíne 8*

60. **Chun a mheasúnú an bhfuil seirbhís nó táirge infheistíochta a bheartaítear iomchuí don chliant, ba cheart do ghnólachtaí beartais agus nósanna imeachta a bhunú lena áirithiú go gcuirfidh siad na nithe seo a leanas san áireamh go comhsheasmhach:**

- **an fhaisnéis ar fad a fhaightear faoi eolas agus taithí an chliaint ar faisnéis í is gá lena mheasúnú an bhfuil táirge infheistíochta iomchuí;**
- **saintréithe agus rioscaí ábhartha uile na dtáirgí infheistíochta arna mbreithniú sa mheasúnú iomchuibhis.**

**Ba cheart do ghnólachtaí beartais agus nósanna imeachta a bhunú lena gcuirfear ar a gcumas dóibh rabhadh soiléir nach bhfuil míthreorach a eisiúint i gcás ina**

**measfaidh siad nach bhfuil an tseirbhís nó an táirge infheistíochta iomchuí don chliant nó don chliant ionchasach.**

61. I gcás ina ndíolfar táirge infheistíochta arb ionann é agus dí-infheistiú a bheith á dhéanamh ag an gcliant, níor cheart é a bheith ina thoradh air sin nach mór do ghnólachtaí measúnú iomchuibhis a dhéanamh.

62. I gcás gnólachtaí a bhraitheann ar uirlisí uathoibrithe agus measúnú iomchuibhis á dhéanamh acu, ba cheart córais agus rialuithe iomchuí a bheith acu lena áirithiú go mbeidh na huirlisí oiriúnach don fheidhm agus go mbeidh torthaí sásúla uathu nuair a bheidh saintréithe an chliaint agus saintréithe an táirge infheistíochta á meaitseáil leo.

63. I ndáil leis an méid sin, ba cheart na huirlisí a dhearadh sa chaoi go gcuirfidh siad san áireamh sonraíochtaí ábhartha uile gach cliaint nó gach táirge infheistíochta. Mar shampla, i gcás uirlisí lena ndéanfaí aicmiú ró-leathan ar chliaint (de réir a leibhéil eolais agus taithí) nó ar tháirgí infheistíochta, ní bheidís oiriúnach don fheidhm.

64. Ba cheart do ghnólachtaí an mhodheolaíocht is infheidhme a úsáidtear chun toradh an mheasúnaithe iomchuibhis a chinneadh a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir. I gcás ina n-úsáidfidh gnólacht córas scórála sainithe chun iomchuibheas a ghrádú agus a mheasúnú, ba cheart an mhodheolaíocht, na méadrachtaí agus an fhoirmle a úsáidfear a bheith soiléir, gan débhrí agus iad a bheith doiciméadaithe.

65. Agus measúnú á dhéanamh – le linn measúnú iomchuibhis a dhéanamh – ar an tuiscint atá ag cliant ar phríomhthréithe agus príomhrioscaí na gcineálacha sonracha táirgí infheistíochta arna dtairiscint nó arna n-éileamh, ba cheart do ghnólacht breithniú a dhéanamh ina hiomláine ar an bhfaisnéis atá bailithe aige faoi eolas agus taithí an chliaint i gcomhair an bhreithmheasa fhoriomláin an tuiscint atá aige nó aici ar na táirgí infheistíochta agus ar na rioscaí a bhaineann leis na hidirbhearta a bheartaítear.

66. Ba cheart treoirlínte leordhóthanacha gan débhrí a bheith ag na baill foirne ábhartha maidir le conas an measúnú iomchuibhis a dhéanamh, lena áirithiú nach mbeidh lánrogha mhíchuí acu agus an measúnú sin á dhéanamh acu agus ionas go mbeidh ar a gcumas údar cuí lena gcinneadh a thabhairt ex-post. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú, i gcás uirlisí agus nósanna imeachta a ghlacfar i gcomhair an mheasúnaithe iomchuibhis, go ndéanfar iad a dhearadh sa chaoi nach ndéanfaí cliaint a mheaitseáil le cineálacha táirgí infheistíochta nach ndearnadh measúnú ar thaithí agus/nó eolas an chliaint ina leith nó nár léirigh an cliant leibhéal leordhóthanach eolais agus/nó taithí orthu, agus go n-eiseofar rabhadh cuí dá réir sin.

67. Chun comhsheasmhacht an mheasúnaithe iomchuibhis arna dhéanamh trí uirlisí uathoibríocha a áirithiú (fiú mura dtarlaíonn an idirghníomhaíocht le cliaint trí chórais uathoibrithe), ba cheart algartaim lena gcinntear iomchuibheas na dtáirgí infheistíochta a thairgtear nó a éilítear a dhoiciméadú go cuí agus faireachán agus tástáil thráthrialta a dhéanamh orthu. Agus algartaim den sórt sin á sainiú, ba cheart do ghnólachtaí cineál agus saintréithe na dtáirgí infheistíochta a áirítear ina dtairiscint do chliaint a chur san

áireamh. Go háirithe, ba cheart do ghnólachtaí an méid seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:

- doiciméadacht iomchuí dearaidh córais a bhunú ina leagtar amach go soiléir cuspóir, raon feidhme agus dearadh na n-algartam. Ba cheart crainn chinnteoireachta nó rialacha cinnteoireachta a bheith ina gcuid den doiciméadacht sin, i gcás inarb ábhartha;

- straitéis tástála dhoiciméadaithe a bheith acu ina mínítear raon feidhme na tástála ar algartaim. Ba cheart pleananna tástála, cásanna tástála, torthaí tástála, réiteach fabhtanna (más ábhartha) agus torthaí tástála deiridh a áireamh leis sin;

- beartais agus nósanna imeachta iomchuí a bheith i bhfeidhm acu chun aon athruithe ar algartam a bhainistiú, lena n-áirítear faireachán, agus taifid a choimeád ar aon athruithe den sórt sin. Áirítear leis sin socruithe slándála a bheith i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar rochtain neamhúdaraithe ar an algartam agus chun an rochtain sin a chosc;

- algartaim a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta lena áirithiú go léireofar leo aon athruithe ábhartha (e.g., athruithe sa mhargadh agus athruithe sa dlí is infheidhme) a d’fhéadfadh difear a dhéanamh dá n-éifeachtacht;

- beartais agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu lenar féidir aon earráid laistigh den algartam a bhrath agus déileáil leis go hiomchuí, lena n-áirítear, mar shampla, soláthar seirbhísí a chur ar fionraí más dócha go ndéanfar idirbheart míchuí agus/nó sárú ar dhlí/rialachán ábhartha mar thoradh ar an earráid sin;

- acmhainní leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm acu, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní teicneolaíocha, chun faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht algartam trí athbhreithniú leordhóthanach, tráthúil a dhéanamh ar na seirbhísí a sholáthraítear; agus

- próiseas iomchuí inmheánach maidir le síniú a bheith i bhfeidhm acu lena áirithiú gur leanadh na céimeanna thuas.

**Éifeachtacht rabhadh**

**(Airteagal 25(3) de MiFID II agus Airteagal 56(2) den Rialachán Tarmligthe**)

*Treoirlíne 9*

68. **Chun a éifeachtacht a áirithiú, ní mór gur rabhadh feiceálach, soiléir, nach bhfuil míthreorach is ea an rabhadh a eiseoidh gnólachtaí sa chás nach soláthróidh an cliant aon fhaisnéis faoin eolas nó an taithí atá aige nó aici, sa chás nach soláthróidh sé faisnéis leordhóthanach den sórt sin, nó sa chás ina léireofar sa**

**mheasúnú ar an bhfaisnéis sin nach iomchuí don chliant an tseirbhís infheistíochta arna tairiscint nó arna héileamh nó an táirge infheistíochta arna thairiscint nó arna éileamh.**

69. Ba cheart do ghnólachtaí bearta réasúnacha a dhéanamh lena chinntiú go bhfaighfear i gceart na rabhaidh a eiseoidh siad do chliaint agus go dtuigfear gur rabhaidh iad. Chuige sin, ba cheart rabhaidh a bheith an-fheiceálach. D’fhéadfaí é sin a dhéanamh, mar shampla, trí dhath difriúil a úsáid don teachtaireacht rabhaidh seachas mar a úsáidtear sa chuid eile den fhaisnéis a sholáthraítear nó, más ar an teileafón a chuirtear ordú isteach, tríd an rabhadh agus a thionchar a mhíniú don chliant agus aon cheisteanna ón gcliant a fhreagairt lena áirithiú go bhfuair an cliant an rabhadh i gceart agus gur thuig sé nó sí i gceart é.

70. Ba cheart a lua go soiléir sna rabhaidh a eisíonn gnólachtaí an chúis atá le rabhadh a thabhairt don chliant: nár sholáthair an cliant aon fhaisnéis nó nach leor an fhaisnéis a bailíodh agus dá bhrí sin nach bhfuil an gnólacht in ann iomchuibheas an idirbhirt a bheartaítear a chinneadh, nó go léirítear sa mheasúnú ar an bhfaisnéis a sholáthar an cliant nach iomchuí don chliant an t-idirbheart a bheartaítear. Mar shampla, ba cheart teachtaireachtaí débhríocha a sheachaint ina luaitear go bhfuil an táirge iomchuí i gcás “cliaint bhunúsacha/idirmheánacha/shaineolacha”. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart do ghnólachtaí rabhaidh ina bhfuil friotal neamhbheacht a eisiúint (e.g., cinn ina gcuirtear in iúl go bhféadfadh sé “nach mbeadh an táirge nó an tseirbhís iomchuí” don chliant), toisc nach dócha go gcuirfidh siad an cliant ar an eolas go leordhóthanach faoi na rioscaí a bhaineann le dul ar aghaidh leis an idirbheart. Ina theannta sin, ba cheart do ghnólachtaí rabhaidh rófhada a sheachaint ar cinn iad ina bhfolaítear an phríomhtheachtaireacht nach bhfuil an t-eolas agus an taithí is gá ag an gcliant i leith na seirbhíse nó an táirge infheistíochta, nó nár léirigh sé nó sí go bhfuil an t-eolas agus an taithí sin aige nó aici.

71. Níor cheart do ghnólachtaí beag is fiú a dhéanamh den tábhacht a bhaineann le rabhaidh agus níor cheart dóibh an cliant a spreagadh chun neamhaird a thabhairt orthu (e.g. le linn comhráite ar an teileafón nó i bhfriotal a úsáidtear sa rabhadh).

72. Ba cheart do ghnólachtaí gan úsáid a bhaint as teachtaireachtaí sna rabhaidh a d’fhéadfadh an cliant a spreagadh chun dul ar aghaidh leis an idirbheart, chun an measúnú iomchuibhis a dhéanamh an athuair nó chun uasghrádú chuig cliant gairmiúil a iarraidh. Mar shampla, d’fhéadfadh gnólachtaí próiseas a chur chun feidhme faoina mbeadh ar an gcliant a dheimhniú go bhfuil sé nó sí ar an eolas faoin bhfaisnéis a sholáthraítear sa rabhadh sular féidir leis nó léi dul ar aghaidh leis an idirbheart.

73. Má thairgtear uirlisí oideachais, seimineáir ghréasáin nó ardáin trádála “taispeána” do chliant nach bhfuil an t-eolas ná an taithí riachtanach aige nó aici agus é ina aidhm leis sin cur leis an eolas atá aige nó aici, ba cheart don ghnólacht a chinneadh ina dhiaidh sin go bhfuil an t-eolas is gá ag an gcliant maidir leis an tseirbhís nó an táirge infheistíochta a bheartaítear trí mheasúnú iomchuibhis eile a dhéanamh a dhíreofar ar an leibhéal eolais atá aige nó aici. Níor cheart uirlisí oideachais den sórt sin a struchtúrú sa chaoi is go bhfuil sé d’aidhm shonrach leo feabhas a chur ar chumas an chliaint freagraí cearta a thabhairt ar shraith réamhshainithe ceisteanna mar go bhféadfadh sé

a bheith ina thoradh air sin go dtiocfaí timpeall ar oibleagáid an ghnólachta measúnú a dhéanamh ar eolas agus taithí an chliaint ar na táirgí infheistíochta a thairgtear nó a éilítear.

74. I gcás ina ndéanfar foráil i mbeartais agus i nósanna imeachta gnólachtaí maidir leis an bhféidearthacht glacadh le hiarrataí ón gcliant ar dhul ar aghaidh leis an idirbheart tar éis rabhadh a eisiúint, ba cheart do ghnólachtaí meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht fhoriomlán na rabhadh arna n-eisiúint ar bhonn ex-post, mar shampla, trí mheasúnú a dhéanamh ar chóimheas na rabhadh ar lean idirbheart iad le hiomlán na rabhadh a eisíodh agus ba cheart dóibh coigeartuithe a dhéanamh ar a mbeartais agus nósanna imeachta ábhartha i gcás inar gá.

75. Ina theannta sin, mar dhea-chleachtas, d'fhéadfadh beartais agus nósanna imeachta a bheith ag gnólachtaí lena sainaithnítear aon choinníollacha agus critéir faoina bhféadfaí glacadh nó gan glacadh le hiarraidh ó chliant dul ar aghaidh le hidirbheart tar éis rabhadh a fháil. Mar shampla, d'fhéadfadh gnólacht a chur san áireamh cásanna ina bhfuil riosca méadaithe ann go mbeadh coinbhleachtaí leasa i gceist toisc go bhfuil an gnólacht ag díol a chuid táirgí infheistíochta féin (nó táirgí infheistíochta arna n-eisiúint ag eintitis den ghrúpa céanna) nó ag déanamh margú gníomhach ar tháirgí infheistíochta ó raon an ghnólachta. Toisc eile a d'fhéadfaí a bhreithniú is ea leibhéal ard castachta nó riosca i leith táirgí a thairgtear nó a éilítear.

## CEANGLAIS GHAOLMHARA EILE

### Cáilíochtaí ball foirne gnólachta

**(Airteagal 16(2) agus Airteagal 25(3) de MiFID II agus Airteagal 21(1)(d) den Rialachán Tarmligthe**)

*Treoirlíne 10*

76. **Ba cheart do na baill foirne atá bainteach leis an measúnú iomchuibhis an ról atá acu sa mheasúnú sin a thuiscint agus leibhéal leordhóthanach scileanna, eolais agus saineolais a bheith acu, lena n-áirítear eolas leordhóthanach ar na ceanglais agus na nósanna imeachta rialála ábhartha chun a gcuid freagrachtaí a chomhall. Chuige sin, ba cheart do ghnólachtaí oiliúint thráthrialta a chur ar a mbaill foirne.**

77. Cuireann ESMA i dtábhacht, i gcás baill foirne a thugann faisnéis maidir le táirgí infheistíochta, seirbhísí infheistíochta nó seirbhísí coimhdeacha do chliaint thar ceann an ghnólachta, nach mór an t-eolas agus an inniúlacht is gá a bheith acu a cheanglaítear faoi Airteagal 25(1) de MiFID II (agus a shonraítear tuilleadh i dTreoirlínte ESMA maidir le heolas agus inniúlacht a mheasúnú[14]), lena n-áirítear maidir leis an measúnú iomchuibhis.

[14] ESMA Guidelines for the assessment of knowledge and competence [Treoirlínte ESMA maidir le heolas agus inniúlacht a mheasúnú] (Tag: ESMA 71-1154262120-153 EN (athbhreithnithe)).

78. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú freisin, i gcás baill foirne eile nach mbíonn plé díreach acu le cliaint ach a mbíonn baint acu ar aon bhealach eile leis an measúnú iomchuibhis, go mbeidh na scileanna, an t-eolas agus an saineolas is gá acu, d'ainneoin sin, a cheanglaítear a bheith acu ag brath ar an ról ar leith atá acu sa phróiseas iomchuibhis. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, na ceistneoirí a ullmhú, algartaim a shainiú lena rialófar an measúnú nó gnéithe eile is gá chun an measúnú iomchuibhis a dhéanamh agus comhlíonadh na gceanglas iomchuibhis a rialú.

79. I gcás inarb ábhartha, agus uirlisí uathoibrithe (lena n-áirítear uirlisí hibrideacha) á n-úsáid acu, ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú maidir lena mbaill foirne a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt na n-uirlisí sin:

- go bhfuil tuiscint iomchuí acu ar an teicneolaíocht agus ar na halgartaim a úsáidtear chun measúnú uathoibrithe a dhéanamh (go háirithe, ba cheart tuiscint a bheith ag baill foirne ar an réasúnaíocht, na rioscaí agus na rialacha is bonn leis na halgartaim atá ina mbonn taca ag an measúnú uathoibrithe); agus

- go bhfuil tuiscint acu ar an measúnú uathoibrithe a ghintear leis na halgartaim agus go bhfuil siad in ann é a athbhreithniú.

**Taifid a choimeád**

**(Airteagal 16(6) agus (7) agus Airteagal 25(5) agus (6) de MiFID II agus Airteagal 56(2) agus Airteagail 72 agus 76 den Rialachán Tarmligthe**)

*Treoirlíne 11*

80. **Mar chuid den oibleagáid atá orthu taifid a choimeád ar an measúnú iomchuibhis dá dtagraítear in Airteagal 56(2) de Rialachán Tarmligthe MiFID II, ba cheart do ghnólachtaí an méid seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:**

- **socruithe leordhóthanacha taifeadta agus coinneála a choinneáil ar bun chun coimeád taifead ordúil, trédhearcach a áirithiú maidir leis an measúnú iomchuibhis, lena n-áirítear faisnéis a bhailiú ón gcliant agus i leith na seirbhíse gan chomhairliú arna soláthar;**

- **a áirithiú go gceapfar socruithe chun taifid a choimeád sa chaoi go mbeifear in ann cásanna mainneachtana a bhrath maidir leis an measúnú iomchuibhis;**

- **a áirithiú go mbeidh rochtain ag na daoine ábhartha sa ghnólacht agus ag na húdaráis inniúla ar na taifid a choimeádfar;**

- **próisis leordhóthanacha a bheith acu chun maolú a dhéanamh ar aon easnaimh nó teorainneacha a bhaineann leis na socruithe maidir le coimeád taifead.**

81. Ba cheart na socruithe maidir le coimeád taifead arna nglacadh ag gnólachtaí a cheapadh sa chaoi go mbeidh gnólachtaí in ann rianú ex-post a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- toradh an mheasúnaithe iomchuibhis lena n-áirítear an réasúnaíocht a bhaineann leis, i.e. nasc soiléir simplí idir an fhaisnéis faoin gcliant a bailíodh agus a ndearnadh measúnú uirthi agus toradh an mheasúnaithe;

- aon rabhadh a d'eisigh an gnólacht i gcás inar measadh go bhféadfadh an tseirbhís nó táirge infheistíochta a bheith míchuí don chliant, nó i gcás nár chuir an cliant faisnéis leordhóthanach ar fáil lena chur ar a chumas don ghnólacht tabhairt faoi mheasúnú iomchuibhis (beag beann ar cé acu a d'iarr an cliant dul ar aghaidh leis an idirbheart nó nár iarr);

- ar iarr an cliant dul ar aghaidh leis an idirbheart d'ainneoin an rabhaidh; agus

- ar ghlac an gnólacht leis an iarraidh ón gcliant dul ar aghaidh leis an idirbheart i gcomhréir leis na nósanna imeachta gaolmhara arna nglacadh.

82. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnólacht an fhaisnéis ábhartha uile faoin measúnú iomchuibhis a thaifeadadh, amhail faisnéis faoin gcliant (lena n-áirítear an chaoi a n-úsáidtear an fhaisnéis sin agus an chaoi a ndéantar í a léirmhíniú chun próifíl eolais agus taithí an chliaint a shainiú), agus faisnéis faoi tháirgí infheistíochta a thairgtear don chliant. Ba cheart go n-áireofaí ar na taifid sin:

- aon tabhairt cothrom le dáta a rinneadh ar an bhfaisnéis arna soláthar i gcomhthéacs an mheasúnaithe iomchuibhis, go háirithe aon athrú ar phróifíl eolais agus taithí an chliaint;

- na cineálacha táirgí infheistíochta atá oiriúnach don phróifíl sin agus an réasúnaíocht is bun leis an measúnú sin, chomh maith le haon athruithe agus na cúiseanna atá leo.

83. Ba cheart socruithe a bheith i bhfeidhm ag gnólachtaí lena gcuirfear ar a gcumas dóibh teacht ar thuiscint ar na rioscaí breise a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do sholáthar seirbhísí infheistíochta trí uirlisí ar líne nó trí uirlisí digiteacha, amhail cibearghníomhaíocht mhailíseach, agus na rioscaí breise sin a mhaolú.[15]

[15] Ba cheart do ghnólachtaí breithniú a dhéanamh ar rioscaí den sórt sin ní hamháin i ndáil leis na forálacha a luaitear sa treoirlíne, ach freisin mar chuid de na hoibleagáidí níos leithne atá ar ghnólacht faoi Airteagal 16(4) de MiFID II bearta réasúnacha a ghlacadh chun leanúnachas agus rialtacht a áirithiú maidir le feidhmíocht seirbhíse agus gníomhaíochtaí infheistíochta, agus na ceanglais chomhfhreagrach faoin ngníomh tarmligthe a bhaineann leis sin.

84. D’fhéadfadh na socruithe maidir le coimeád taifead a ghlacann gnólachtaí a bheith éagsúil ag brath ar an mbealach dáileacháin a úsáidtear chun seirbhísí gan chomhairliú a sholáthar. Mar shampla, ba cheart do ghnólachtaí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- i gcás ina soláthraítear seirbhísí ar líne, uirlisí TF a fhorbairt chun an fhaisnéis a rianú agus a stóráil;
- i gcás ina soláthraítear seirbhísí ar an teileafón, socruithe iomchuí a ghlacadh lena áirithiú go mbeidh an gnólacht in ann aon rabhadh arna eisiúint aige a nascadh le hidirbheart a d’fhéadfadh an cliant a dhéanamh ar chinneadh dó nó di dul ar aghaidh d’ainneoin an rabhaidh sin;
- i gcás ina soláthraítear seirbhísí duine le duine, gach foirm agus doiciméad ábhartha a úsáidtear sa phróiseas iomchuibhis a bhailiú agus a thaifeadadh, go háirithe na foirmeacha agus na doiciméid sin arna síniú ag an gcliant agus/nó ag baill foirne de chuid an ghnólachta.

**A chinneadh cé na cásanna ina gceanglaítear measúnú iomchuibhis a dhéanamh**

**(Airteagal 16(2) agus Airteagal 25(3) agus (4) de MiFID II agus Airteagal 57 den Rialachán Tarmligthe)**

*Treoirlíne 12*

85. **Ba cheart do ghnólachtaí socruithe iomchuí a ghlacadh lena áirithiú gur féidir leo a chinneadh cé na cásanna inar gá measúnú iomchuibhis a dhéanamh agus gan measúnú iomchuibhis a dhéanamh i gcásanna inar gá measúnú oiriúnachta a dhéanamh.**

86. Ba cheart nósanna imeachta agus rialuithe a bheith i bhfeidhm ag gnólachtaí maidir leis an idirghníomhaíocht idir baill foirne díolacháin agus cliaint chun an t-idirghníomhú a threorú agus a thaifeadadh [16] agus lena áirithiú go mbeidh idirdhealú soiléir idir idirbhearta le comhairliú agus idirbhearta gan chomhairliú ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, idir idirbhearta a thagann faoin díolúine maidir le forghníomhú amháin agus idirbhearta eile gan chomhairliú.

87. Ba cheart beartais agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag gnólachtaí lena áirithiú go bhfuiltear ag comhlíonadh na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 25(4) MiFID II maidir le “seirbhís forghníomhaithe amháin” a sholáthar i gcás nach ndéanfar measúnú iomchuibhis.[17]

---

[16] Agus treoirlíne 11 á cur san áireamh.

[17] Ní chuireann sé sin cosc ar ghnólachtaí measúnú iomchuibhis a dhéanamh i leith gach cineáil táirgí, idir chasta agus neamhchasta.

88. Ba cheart do ghnólachtaí beartais agus próisis a cheapadh, a chur chun feidhme agus a thabhairt cothrom le dáta lena shainaithint cé na táirgí infheistíochta dá gcuid a d'fhéadfaí a mheas mar tháirgí "casta" agus "neamhchasta" chun críocha na gceanglas iomchuibhis. Mura mbeidh measúnú déanta orthu i gcoinne gach ceann de na critéir atá in Airteagal 57 de Rialachán Tarmligthe MiFID II agus mura mbeidh na critéir sin comhlíonta acu, ba cheart "ionstraimí airgeadais neamhchasta eile" dá dtagraítear in Airteagal 25(4)(a)(vi) de MiFID II a aicmiú mar ionstraimí casta.

89. Ba cheart a áirithiú le beartais agus próisis gnólachtaí, i gcás na dtáirgí infheistíochta a eisiaitear go sainráite ó liosta na n-ionstraimí neamhchasta in Airteagal 25(4)(a)(i-v) de MiFID II, nach ndéanfar iad a mheasúnú in aon chás i gcoinne na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 57 de Rialachán Tarmligthe MiFID II sa chaoi go bhféadfaí iad a aicmiú mar tháirgí infheistíochta neamhchasta chun críocha an mheasúnaithe iomchuibhis.

90. Ba cheart do ghnólachtaí a bheith in ann a rianú ar chuir cliant isteach a ordú nó a hordú mar fhreagairt ar theachtaireacht phearsantaithe ón ngnólacht nó thar ceann an ghnólachta. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don ghnólacht an t-idirbheart a dhícháiliú chun críocha na díolúine "forghníomhaithe amháin".

**Rialuithe**

**(Airteagal 16(2), an dara fomhír d'Airteagal 16(5) agus Airteagal 25(3) de MiFID II agus Airteagal 76 den Rialachán Tarmligthe)**

*Treoirlíne 13*

91. **Ba cheart socruithe agus rialuithe faireacháin iomchuí a bheith i bhfeidhm ag gnólachtaí lena áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le hiomchuibheas.**

92. Nuair a bhíonn gnólachtaí ag brath ar chórais nó uirlisí uathoibrithe sa phróiseas measúnaithe iomchuibhis (e.g., uirlisí lena ndéantar próifíliú ar chliaint ar bhonn eolas agus taithí, rabhaidh uathoibríocha, nó rialuithe maidir le castacht táirgí infheistíochta), ba cheart na córais nó na huirlisí sin a bheith oiriúnach don fheidhm agus ba cheart faireachán a dhéanamh orthu go tráthrialta. Ba cheart do ghnólachtaí taifid a choimeád ar an bhfaireachán sin.[18]

93. Agus úsáid á baint acu as rialuithe uathoibrithe i gcomhthéacs an mheasúnaithe iomchuibhis, ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú nach féidir dul timpeall ar na rialuithe uathoibrithe[19] agus ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar fheidhmiú ceart na rialuithe uathoibrithe sin. Ba cheart beartais agus nósanna imeachta iomchuí a bheith i bhfeidhm ag gnólachtaí chun saincheisteanna TF a bhrath go luath.

[18] Féach freisin treoirlíne 11

[19] Ba cheart eisceachtaí a fhorchoimeád le haghaidh imthosca sonracha arna socrú i nósanna imeachta an ghnólachta agus le húdarú ordlathach sonrach.

94. I gcomhthéacs an mheasúnaithe iomchuibhis, ba cheart do ghnólachtaí aird ar leith a thabhairt ar a chasta atá táirgí infheistíochta. Mar shampla, ba cheart athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar na bunachair sonraí ina bhfuil cóid chastachta a úsáidtear i gcomhair na n-uirlisí um measúnú iomchuibhis agus ba cheart iad a choinneáil cothrom le dáta.

95. Nuair a dhéantar an measúnú iomchuibhis trí chruinnithe duine le duine nó ar an teileafón, agus sa chás sin gurb ann d'idirghabháil ó dhaoine, ba cheart do ghnólachtaí taifid i scríbhinn ó chruinnithe duine le duine nó taifeadtaí teileafóin a áireamh ina bpróisis thráthrialta rialaithe chun faireachán a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann baill foirne díolacháin a ndualgais i gcomhthéacs an mheasúnaithe iomchuibhis. Ba cheart do ghnólachtaí faireachán a dhéanamh ar na taifid sin i scríbhinn nó ar na taifeadtaí teileafóin sin mar chuid dá nósanna imeachta rialaithe.

96. Ba cheart do ghnólachtaí faireachán a dhéanamh ar ábhair amhail cóimheas na rabhadh ar lean idirbheart iad le líon iomlán na rabhadh go léir a eisíodh chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht fhoriomlán na rabhadh arna n-eisiúint.